# Tithe a Thógáil

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Láimhseáil Sonraí - sórtáil<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Ábhair agus matamaitic chuí do thasc a roghnú<br>• Tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>• Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>• Ceisteanna oscailte a chur agus a fhreagairt<br>• An modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | mór, meánach, beag, triantán, cearnóg, dronuilleog, ciorcal, graf, picteagram, teanga shuímh - ar chlé, ar dheis, ar bharr, faoi, ar, in aice le |
| **Áiseanna** | cruthanna 2T, cruthanna ar an scáileán ó Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Fiosraíonn daltaí cé mhéad ainmhí agus cá mhéad grúpa difriúil d’ainmhithe feirme a mheaitseálann le líon cos faoi leith.

### 1 Gníomhaíocht 1

Úsáideann daltaí cruthanna 2T nó na cruthanna ar an scáileán ó Uirlis Sórtála Mol Mata le teach a chruthú. Cuireann siad síos ar an teach. Cá mhéad teach difriúil is féidir leo a chruthú? Pléigh na cineálacha difriúla tithe agus na cruthanna a úsáideadh. D’fhéadfadh na daltaí na cruthanna a úsáid le pictiúir eile a chruthú, mar shampla feithiclí, ainmhithe agus srl.

### 2 Gníomhaíocht 2

Thiocfadh leis na daltaí pictiúir a phriontáil amach ó Uirlis Sórtála Mol Mata nó grianghraif a thógáil. Ansin, i ngrúpaí, is féidir na cineálacha difriúla tithe a shórtáil, mar shampla bungaló, tithe dhá stór srl. Is féidir é sin a úsáid le graf simplí a chruthú, mar shampla picteagram.

### 3 Gníomhaíocht 3

Thiocfadh leis an mhúinteoir pictiúr samplach a chruthú agus an teanga atá de dhíth ag na daltaí lena bpictiúir chrutha a shamhaltú. Oibríonn daltaí i mbeirteanna don ghníomhaíocht seo. Ag úsáid cruthanna 2T nó cruthanna ar an scáileán ar tháibléid, déanann dalta amháin pictiúr nach bhfuil a c(h)omhscoláire ábalta a fheiceáil. Cuireann an dalta síos ar an phictiúr don duine eile sa dóigh go mbeidh sé ábalta é a athchruthú ag úsáid na teanga atá bainteach leis na cruthanna difriúla agus a méideanna.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú le do phictiúr a dhéanamh?<br>• Cá mhéad cearnóg/dronuilleog/ciorcal atá i do phictiúr?<br>• Cá mhéad fuinneog/doras srl. atá i do theach?<br>• Cá háit a bhfuil na fuinneoga/an simléar i do theach? | • Déan cur síos ar an phictiúr a rinne tú.<br>• Cén dóigh ar shórtáil tú na pictiúir dhifriúla?<br>• An dtig leat do thithe a shórtáil ar dhóigh ar bith eile?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú an cruth sin i do phictiúr?<br>• Cad é ba mhaith leat a athrú faoi do phictiúr?<br>• Cad é mar atá do phictiúr difriúil le...? |

## Difreáil

Do Ghníomhaíocht 3, thiocfadh leis an mhúinteoir pictiúr samplach a chruthú agus an teanga atá de dhíth ar na daltaí lena bpictiúir chrutha a shamhaltú. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.